Trí Vótáil i bhFABHAR Chonradh Liospóin um Athchóiriú, tacaíonn tú le Cairt um Chearta Bunúsacha na hEorpa.

Ráthaíonn an Chairt an méid seo a leanas...

Saoirse

- Tá an ceart ag gach duine chun saoirse agus chun slándála an duine.
- Tá an ceart ag gach duine chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin.
- Tá an ceart ag gach duine chun oideachais agus chun rochtain a fháil ar ghairmoiliúint agus ar oiliúint leanúnach.
- Tá an ceart ag gach duine go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint.

Comhionannas

- Is comhionann gach duine os comhair an dlí.
- Déanfaidh an tAontas an éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga a urramú.
- Beidh an ceart ag leanaí chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail.
- Cosaint do neamhspleáchas, lánpháirtiú sóisialta agus gairmiúil agus rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i saol an phobail.

Dínit

- Ní dhéanfar aon duine a dhaoradh chun pionós an bháis ná a chur chun báis.
- Ní dhéanfar ceastóireacht ar aon duine ná ní chuirfear aon íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach ar aon duine.
- Ní dhéanfar aon duine a choimeád faoi sclábhaíocht nó faoi dhaoirse.
- Cuimsíonn an ceart ag duine go dtabharfar meas ar a (h)iomláine toirmeasc ar chlónáil atáirgeach daoine.

Dlúthpháirtíocht

- Tá an ceart ag gach oibrí chun comhargáintíochta agus chun gníomhaíochta comhchoitinne, lena n-áirítear dul ar stailc, chun a leasanna féin a chosaint.
- Toirmisctear fostaíocht a thabhairt do leanaí.
- Beidh cosaint dhlítheanach, eacnamaíoch agus shóisialta ag an teaghlach.
- Tá an ceart ag gach oibrí chun dálaí oibre lena n-urramaítear a shláinte nó a sláinte, a shábháilteacht nó a sábháilteacht agus a dhínit nó a dínit.

Tá Saoirse, Comhionannas, Dínit agus Dlúthpháirtíocht mar rogha bheag de na 54 airteagal i gCairt um Chearta Bunúsacha an AE.

Labour

Athfhriotail

"Tá Páirtí an Lucht Oibre i bhfabhar Chonradh Liospóin um Athchóiriú toisc go mbeidh sé go maith do chearta ban, agus go maith do dhaonlathas na hEorpa."

Joan Burton TD ***Leas-Cheannaire Pháirtí an Lucht Oibre***

"Tugann comhdhearcaí Eorpacha Liospóin, a chuimsíonn na luachanna atá ag Páirtí an Lucht Oibre i gcomhpháirt le páirtithe lucht oibre eile san Eoraip, deis níos fearr dúinn ord domhanda nua, níos eiticiúla a chothú."

Michael D. Higgins ***Uachtarán Pháirtí an Lucht Oibre***

"Déanfar reachtaíocht shóisialta agus beartas sóisialta nua uile an AE a phríomhshruthú, rud a threiseoidh geilleagar margaidh shóisialta na hEorpa."

Joe Costello TD ***Urlabhraí ar Ghnóthaí an AE***

"Tá áthas orm go gcuimsítear cearta leanaí i gConradh Liospóin. Is céim shuntasach chun tosaigh é an Conradh i ndáil le hiarrachtaí chun leanaí a chosaint agus a gcearta a chur chun cinn in Éirinn, ar fud an Aontais Eorpaigh, agus sa chuid eile den domhan."

Fergus Finlay ***Príomhfheidhmeannach, Barnardos***

"Tá Conradh Liospóin um Athchóiriú de dhíth ar oibrithe na hEorpa mar an chéad chéim chun dul i ngleic le hiarmhairtí roinnt cinntí déanta le deireanas ag an gCúirt Eorpach."

John Monks ***Ard-Rúnaí, Cónaidhm na gCeardchumann Eorpach, Ag déanamh Ionadaíochta ar 60 milliún oibrí san Eoraip***

"Dá ndaingneofaí é, d'fhéadfadh Conradh Liospóin athruithe suntasacha a dhéanamh ar an mbealach ar a rannchuidíonn an tAontas Eorpach le deireadh a chur le baol na bochtaineachta atá le sárú ag 78 milliún duine gach aon lá. Mar sin féin, braithfidh tionchar chorprú na Cairte um Chearta, an chlásail shóisialta nua, na hAchainí ar Thionscnamh Saoránach agus comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta ar thiomantas polaitiúil, cur i bhfeidhm iomlán agus cuimsiú daoine le taithí ar an mbochtaineacht sa phróiseas sin."

Anna Vissers ***Líonra Frithbhochtaineachta na hEorpa, Éire***

Ní Chailltear Faic

- **Ní bhaineann an Conradh seo aon chumhachtaí d'aon Bhallstát. Má vótáiltear i bhfabhar an chonartha, ní hamháin go mbeimid in ann gach a dhéanaimid anois a dhéanamh fós - beimid in ann é a dhéanamh ar bhealach níos fearr.**
- **Coinníonn Éire a cumhacht chrosa maidir le rátaí cánach gnó.**
- **Fanann na sé Stát neodracha agus neamhailínithe, Éire san áireamh, neodrach de réir ár dtraidisiún féin.**
- **Ní athraítear ceart Éireann reifrinn a thógáil ar Chonarthaí an AE de réir ár mBunreachta.**
- **Níl aon tionchar aige ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrannach , príomhthaca ár gcuid saibhris.**
- **Ní athraíonn Liospóin an ceart cúnamh stáit a thabhairt do chuideachtaí, agus, go háirithe do sheirbhísí poiblí.**

Chun cabhrú le Feachtas Liospóin Páirtí an Lucht Oibre

www.labour.ie/**lisbonreformtreaty**

Páirtí an Lucht Oibre
17 Plás Íle, BAC 2.
01 678 4700

Céard a Ghnóthóimid le Liospóin

- Beidh an Chairt um Chearta Bunúsacha ina cheangal dlí, rud a thabharfaidh cosaint níos mó duit mar Shaoránach Éireannach agus mar shaoránach de chuid an AE.
- Beidh de cheangal ar dhéantóirí dlí na hEorpa a chinntiú go mbeidh dlíthe go maith go sóisialta chun saoránaigh a chosaint. Cosnaítear do sheirbhísí poiblí freisin.
- Beidh feidhm phríomhúil ag an Eoraip i ndáil le díothú Bochtaineachta Domhanda agus beidh sí chun tosaigh in iarrachtaí chun ár ndomhan a dhéanamh níos cothroime do gach aon duine.
- Tugtar bonn dlí do dhul i ngleic le hAthrú Aeráide. Mar Aontas de 27 tír forbartha is féidir linn a bheith chun tosaigh maidir le haghaidh a thabhairt ar théamh domhanda.
- Tá feidhm dhaonlathach nua ag Parlaimintí Náisiúnta agus Údaráis Réigiúnacha i ndáil le dlíthe an AE a dhéanamh. Tabharfaidh sé sin níos mó cumhachta thar reáchtáil an Aontais do Theachtaí Dála, Seanadóirí agus Comhairleoirí.
- Tugtar cosaint do chearta leanaí le gníomhartha i gcoinne gáinneála ar dhaoine agus fostú leanaí.
- Tá ráthaíocht ann go dtabharfaidh ár gcomhpháirtithe san AE cúnamh dúinn i gcás tubaiste nádúrtha nó de dhéantús an duine nó ionsaí sceimhlitheoireachta ar Éirinn.
- Tugann an Achainí ar Thionscnamh Saoránach níos mó cumhachta duit i ndáil le reáchtáil na hEorpa. Beidh ar chumas saoránach dul i gcion go díreach ar chinnteoireacht an AE freisin trí chomhairliúcháin éigeantacha le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí reiligiúnacha agus eagraíochtaí daonnúla.
- Beidh cinnteoireacht Airí níos trédhearcaí, mar beidh orthu feidhmiú go poiblí agus ní taobh thiar de dhoirse dúnta mar a tharlaíonn faoi láthair.
- Tabharfar freagra agus maoiniú níos tapa, níos éifeachtaí ar thubaistí daonnúla.

AGUS I BHFAD NÍOS MÓ



Eamon Gilmore TD

"Bródúil as bheith i m'Éireannach I bhfabhar na hEorpa"

"Níos mó ná aon Chonradh Eorpach go dtí seo, is é seo an conradh a chuireann cearta saoránach san Aontas Eorpach chun cinn agus a chuireann ár gclár oibre sóisialta chun cinn san Eoraip."

Eamon Gilmore

Labour

Ceannaire Páirtí an Lucht Oibre